2026/2161

22.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2161 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) An 14 Márta 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/696 ([2]), agus ar an gcaoi sin rinne sí na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES a athnuachan ar feadh 6 mhí eile.

(3) An 18 agus an 19 Meitheamh 2026, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí inar athdhearbhaigh sí, *inter alia*, a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus inar léirigh sí go leanfadh sí de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta an Aontais a sholáthar don Úcráin agus dá muintir.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a athnuachan go ceann 36 mhí eile.

(5) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle maidir leis na hainmniúcháin aonair a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le 104 dhuine aonair agus 70 eintiteas a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, ba cheart na hiontrálacha le haghaidh triúr éagtha agus le haghaidh 4 iontráil eile a scriosadh ón Iarscríbhinn sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 22 Meán Fómhair 2029.';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/696 ón gComhairle an 14 Márta 2026 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L, 2026/696, 14.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/696/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine éagtha seo a leanas:

‘336. Yuri Nikolaevich SHVYTKIN’;

‘1574. Ali Reza TANGSIRI’;

‘1693. Alexander Georgievich LEONOV’;

(2) scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis an eintiteas seo a leanas:

‘673. Alisher Burkhanovich USMANOV’;

‘675. Mikhail Maratovich FRIDMAN’;

‘1596. Andrey Pavlovich FALALEEV’;

‘620. Redbird Corporate Services Ltd’;

(3) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis na heintitis a liostaítear thíos:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘204.	Aleksei Yurievich CHERNIAK (ar a dtugtar freisin Alexey Yurievich CHERNYAK) (Алексей Юрьевич ЧЕРНЯК)	Dáta breithe: 27.8.1973 Áit bhreithe: Almaty, PPS na Casacstáine roimhe seo (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Iarchomhalta de Dhúma Stáit Chónaidhm na Rúise, a bhí in oifig go dtí an 13 Meán Fómhair 2022. Tofa ó Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i “toghcheantar Simferopol”, mar a ghairtear de. Comhalta den pháirtí rialaithe United Russia. Ag gníomhú dó sa cháil sin a ghlac sé air féin, d’oibrigh sé chun “Poblacht na Crimé”, mar a ghairtear de, a lánpháirtiú a thuilleadh i gCónaidhm na Rúise. Agus é mar chomhalta den Dúma Stáit, an 15 Feabhra 2022, vótáil sé i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 “Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk”. Dá bhrí sin, thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	21.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
220.	Oleg Leonydovych SALYUKOV (Олег Леонидович САЛЮКОВ)	Dáta breithe: 21.5.1955 Áit bhreithe: Saratov, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Leas-Rúnaí Chomhairle Náisiúnta Slándála Chónaidhm na Rúise; iarArd-Cheannasaí Fhórsaí Talún na Rúise Grád: Airm-Ghinearál Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Ard-Cheannasaí Fhórsaí Talún na Rúise ó 2014 i leith é an tAirm-Ghinearál, Oleg Salyukov, , agus is Leas-Cheannasaí Ghrúpa Comhpháirteach Fhórsaí na Rúise é ón 11 Eanáir 2023. Mar sin, tá sé freagrach as oibríochtaí talún na Rúise san Úcráin nó chuig an Úcráin. Tá baint aige freisin le himeachtaí tírghrá a eagrú arb é is aidhm dóibh an tacaíocht d'arm na Rúise a chothú. An 15 Bealtaine 2025, ceapadh Oleg Salyukov ina Leas-Rúnaí ar Chomhairle Slándála Chónaidhm na Rúise le foraithne ón Uachtarán Vladimir Putin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, nó atá ag tacú leo go gníomhach nó atá á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, chomh maith le cobhsaíocht nó slándáil na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2022
351.	Airat Zakievich FARRAKHOV (Айрат Закиевич ФАРРАХОВ)	Dáta breithe: 17.2.1968 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 "Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk" agus, dá bhrí sin, a thacaigh le gníomhaíochtaí agus beartais agus a chuir chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
379.	Aydyn Nikolaevich SARYGLAR (Айдын Николаевич САРЫГЛАР)	Dáta breithe: 22.2.1988 Inscne: fireann Feidhm: Méara Chathair Kyzyl	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 “Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk” agus, dá bhrí sin, a thacaigh le gníomhaíochtaí agus beartais agus a chuir chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
437.	Anatoliy Vladimirovich VORONOVSKIY (Анатолий Владимирович ВОРОНОВСКИЙ)	Dáta breithe: 28.12.1966 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar Rún Uimh. 58243-8 “Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk” agus, dá bhrí sin, a thacaigh le gníomhaíochtaí agus beartais, agus a chuir chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
460.	Viktor Viktorovich DSJUBA (Виктор Викторович ДЗЮБА)	Dáta breithe: 10.8.1977 Inscne: fireann	Iarchomhalta den Dúma Stáit a vótáil i bhfabhar rún Uimh. 58243-8 “Maidir leis an achainí ó Dhúma Stáit Thionól Cónaidhme Chónaidhm na Rúise chuig Uachtarán Chónaidhm na Rúise V.V. Putin maidir leis an ngá aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk” agus, dá bhrí sin, a thacaigh le gníomhaíochtaí agus beartais agus a chuir chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	23.2.2022
658.	Viktor Vladimirovich GULEVICH (Виктор Владимирович ГУЛЕВИЧ)	Dáta breithe: 14.5.1969 Áit bhreithe: Vyalikaya Padzer, Slutsk district, Minsk region, iar-APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is é Viktor Gulevich iarCheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha na Bealarúise – an Chéad Leas-Aire Cosanta Phoblacht na Bealarúise. Ba chomhalta d’arm na Bealarúise é, a thug tacaíocht don fhogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Sa phost sin, thacaigh sé le freachnaimh mhíleata chomhpháirteacha na Bealarúise agus na Rúise lenar réitíodh agus lenar éascaíodh an fogha míleata a tugadh faoin Úcráin an 24 Feabhra 2022 agus rinne sé maoirseacht ar na freachnaimh sin agus labhair sé go poiblí fúthu. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin.	25.2.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
674.	Petr Olegovich AVEN (Пётр Олегович АВЕН)	Dáta breithe: 16.3.1955 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: príomhdhuine gnó a bhfuil dlúthchaidreamh aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin; duine de phríomh-scairshealbhóirí Alfa Group Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin; Mikhail Fridman; German Borisovich Khan; Alexey Kuzmichev Eintitis chomhlachaithe: JSC Voentorg	Is duine gnó Rúiseach é Petr Aven a bhfuil dlúthnaisc aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, ag dul siar go luath sna 1990í. Tá scairsheilbh shuntasach aige in ABH Holdings, a rialaigh banc mór sa Rúis, Alfa Bank, agus a rialaíonn fós cuideachtaí eile de chuid Alfa Group. Meastar aistriú a scaireanna in A1, atá mar chuid den Alfa Group, mar aistriú samhailteach. Is scairshealbhóir é freisin sa ghnólacht infheistíochta LetterOne. Is duine amháin é as measc 50 duine saibhre gnó ón Rúis a bhuaileann go rialta le hUachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, sa Chreimil. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuail Petr Aven, mar aon le 36 dhuine ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin. Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, atá mar chuid den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil freisin do chuideachtaí mar shampla JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific-Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n-úsáid go forleathan ag arm na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha.	28.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Dá bhrí sin, is príomhdhuine gnó é Petr Aven a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus is duine gnó é atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thacaigh sé go gníomhach, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine, agus bhain sé tairbhe astu. Thacaigh sé freisin le gníomhaíochtaí nó beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. In 2024, rinne údaráis na Rúise cuideachtaí sealbhaíochta de chuid an Aontais a dhíshealbhú as cearta maoine i gcuideachta sealbhaíochta Rúiseach Alfa Bank, JSC AB Holding, agus d'fhoráil siad go mbeadh scairshealbhóirí indíreacha, mar shampla Aven, le bheith ina scairshealbhóirí díreacha sa chuideachta sealbhaíochta Rúiseach. Dhíol Aven a chearta maoine díreacha nua le tríú páirtí ina dhiaidh sin, agus fuair sé íocaíocht shuntasach sa Rúis. Dá bhrí sin, is duine é a tháinig timpeall ar fhorálacha Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle. Thairbhigh sé freisin d'aistriú éigeantach úinéireachta nó rialaithe ar eintiteas atá bunaithe sa Rúis, a bhí faoi úinéireacht nó faoi rialú roimhe sin ag eintitis atá bunaithe san Aontas, a rinne rialtas Chónaidhm na Rúise trí dhlíthe, rialacháin, ionstraimí reachtacha eile nó trí ghníomhaíocht eile ó údarás poiblí de chuid na Rúise.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
684.	Alexander Anatolyevich PONOMARENKO (Александр Анатольевич ПОНОМАРЕНКО)	Dáta breithe: 27.10.1964 Áit bhreithe: Bilohirsk, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Feidhm: iarChathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo Inscne: fireann Duine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg	Is príomhdhuine gnó é Alexander Ponomarenko a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Is é iarChathaoirleach Bhord Aerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo é. In éineacht le Arkady Rotenberg agus Alexander Skorobogatko, is leis Aerfort Mhoscó-Domodedovo chomh maith le hAerfort Idirnáisiúnta Sheremetyevo. Tá scaireanna aige in TPS Real Estate. Tá baint aige le maoiniú ionad an pháláis gar do Gelendzhik, a úsáideann an tUachtarán Putin go pearsanta. Dá bhrí sin, is príomhdhuine gnó é Alexander Ponomarenko a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus a thacaíonn agus a bhaineann tairbhe as cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine. Tá baint aige le Arkady Rotenberg.	28.2.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
721.	Andrey Igorevich MELNICHENKO (Андрей Игоревич МЕЛЬНИЧЕНКО)	Dáta breithe: 8.3.1972 Áit bhreithe: Homel, APSS (an Bhealarúis anois) Feidhm: iarstiúrthóir neamhfheidhmiúcháin JSC SUEK; iarchomhalta de Bhord EuroChem Group Náisiúntacht: an Rúis, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Inscne: fireann	Is tionsclaí Rúiseach é Andrey Melnichenko a rialaíonn fós an mórtháirgeoir leasacháin EuroChem Group agus an chuideachta ghuail SUEK. An 9 Márta 2022, d'aistrigh Melnichenko a chuid leasanna in SUEK agus EuroChem Group chuig a chéile, Aleksandra Melnichenko. Baineann Andrey Melnichenko tairbhe fós as an saibhreas a d'aistrigh sé chuig a bhean chéile. Tá a shaibhreas méadaithe go mór le blianta beaga anuas. Baineann Andrey Melnichenko leis an gciorcal is mó tionchair de dhaoine gnó na Rúise a bhfuil dlúthnaisc acu le rialtas na Rúise, mar is léir ón mbaint atá aige le comhdháil Aontas na Rúise de Lucht Tionsclaíochta agus Fiontraíochta, áit a bhfuil sé ina chomhalta de Bhiúró an Bhoird agus ina chathaoirleach ar an gCoiste um Polasaí Aeráide agus Rialáil Carbóin. An 24 Feabhra 2022, tar éis na gcéimeanna tosaigh de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuail Andrey Melnichenko, mar aon le 36 dhuine ghnó eile, le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus le comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun plé a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta a rinneadh i ndiaidh don Iarthar smachtbhannaí a fhorchur, rud a léirigh a thábhacht mar phríomhdhuine gnó sa Rúis. I mí Aibreáin 2024, ghlac Melnichenko páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionsclaíochta agus fiontraíochta, nuair a thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, óráid inar phléigh sé an comhar idir stát na Rúise agus príomhchuideachtaí na tíre. Léirítear leis sin freisin gur príomhdhuine gnó é Andrey Melnichenko agus is duine gnó é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú.	9.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
723.	Dmitry Arkadievich MAZEPIN (Дмитрий Аркадьевич МАЗЕПИН)	Dáta breithe: 18.4.1968 Áit bhreithe: Mionsc, APSS (an Bhealarúis anois) Feidhm: iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC UCC Uralchem Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mórúinéir agus iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin na cuideachta leasacháin mianraí Uralchem é Dmitry Mazepin. Monaróir Rúiseach is ea Uralchem Group a dhéanann raon leathan táirgí ceimiceacha, leasacháin mhianracha agus sailpítear amóiniach san áireamh. De réir na cuideachta, is é an táirgeoir is mó níotráit amóiniam agus an dara táirgeoir is mó leasacháin amóinia agus nítrigine sa Rúis. Is duine gnó Dmitry Mazepin, dá bhrí sin, atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as an gCrimé a ionghabháil agus as an Úcráin a dhíchobhsú. Tá níotráit á soláthar ag Uralchem Group do Bryansk Chemical Plant, a tháirgeann comhpháirteanna d'il-lainseálaithe roicéad Grad. Dá bhrí sin, tá Dmitry Mazepin ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise.	9.3.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			An 24 Feabhra 2022, tar éis chéimeanna tosaigh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhuail Dmitry Mazepin agus 36 dhuine gnó eile le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus comhaltaí eile de rialtas na Rúise chun tionchar na mbeart a rinneadh tar éis smachtbhannaí an Iarthair a phlé. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú seo is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Taispeánann sé freisin gur príomhdhuine gnó é atá ag feidhmiú sa Rúis. Ina theannta sin, bhí sé ar na daoine gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionsclaíochta agus fiontraíochta i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais "an tírghrá a chur roimh an mbrabús". I mí na Nollag 2021, d'athscríobh Dmitry Mazepin a chuideachtaí a bhí lonnaithe san Aontas, Uralchem Holding agus CI-Chemical Invest, a rialaíonn "Uralchem", chuig dlínse na Rúise ag an gceantar riaracháin speisialta ar Oileán Oktyabrsky i Réigiún Kaliningrad.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
880.	German Borisovich KHAN (Rúisis: Герман Борисович ХАН)	Dáta breithe: 24.10.1961 Áit bhreithe: Cív, APSS (an Úcráin anois) Feidhm: príomhdhuine gnó a bhfuil dlúthcheangal aige le Vladimir Putin; duine de phríomh-scairshealbhóirí Alfa Group Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Vladimir Putin, Mikhail Fridman, Petr Aven, Alexey Kuzmichev Eintitis chomhlachaithe: Alfa Group, Alfa Bank	Is duine gnó Rúiseach é German Khan a bhfuil dlúthchaidreamh aige le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, cosúil lena chomhpháirtithe gnó, Mikhail Fridman, Petr Aven agus Alexey Kuzmichev. I mí an Mhárta 2022, d'aistrigh sé a chuid scaireanna in ABH Holdings, a rialaíonn banc mór de chuid na Rúise, Alfa Bank, chuig a chomhpháirtí gnó fadtéarmach, Andrei Kosogov. Dhearbhaigh Banc Náisiúnta na hÚcráine, áfach, go raibh an t-aistriú sin ar neamhní go hiomlán. Ina theannta sin, meastar aistriú a scaireanna in A1, atá mar chuid de Alfa Group, a bheith ina aistriú samhailteach. Bhí scairsheilbh shuntasach ag Khan in Rosvodokanal chomh maith, ar cuideachta eile é de chuid Alfa Group atá ar cheann de na príomhoibreoirí príobháideacha fóntas uisce sa Rúis. Bhí sé ina scairshealbhóir chomh maith sa chuideachta infheistíochtaí LetterOne. Lean sé de shócmhainní Alfa Group atá bunaithe sa Rúis a bhainistiú. Creidtear gur duine de na daoine is mó tionchar sa Rúis é. Rinne sé garanna d'Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, mar chúiteamh ar thacaíocht pholaitiúil dá ghnó agus ar mhaithe le gnóthachain airgeadais. Ina theannta sin, bhí sé ar na daoine gnó Rúiseacha a ghlac páirt i gcomhdháil Aontas na Rúise de lucht tionsclaíochta agus fiontraíochta i mí an Mhárta 2023, áit ar thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin óráid inar thathantaigh sé ar lucht an ollrachmais "an tírghrá a chur roimh an mbrabús".	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, atá mar chuid den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil freisin do chuideachtaí mar shampla JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific-Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n-úsáid go forleathan ag arm na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha. Dá bhrí sin, is príomhdhuine gnó é German Khan atá ag feidhmiú sa Rúis agus is duine gnó é a bhfuil baint aige le hearnálacha eacnamaíocha a thugann foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Tacaíonn German Khan freisin, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine agus baineann sé tairbhe as na cinnteoirí sin.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
882.	Alexey Viktorovich KUZMICHEV (ar a dtugtar freisin Alexey Viktorovich KUZMICHOV) (Rúisis: Алексей Викторович КУЗЬМИЧЁВ)	Feidhm: príomhphearsa ghnó; duine de phríomhscairshealbhóirí Alfa Group Dáta breithe: 15.10.1962 Áit bhreithe: Kirov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Mikhail Fridman, Petr Aven, German Khan Eintitis chomhlachaithe: Alfa Group, Alfa Bank	Is scairshealbhóir mór de Alfa Group Consortium é Alexey Kuzmichev. Tá sé i measc na ndaoine is mó tionchar sa Rúis. Tá scairsheilbh shuntasach ag Kuzmichev in X5 Retail Group freisin, ceann de na cuideachtaí miondíola is tábhachtaí sa Rúis, agus in Rosvodokanal, cuideachta eile de Alfa Group Consortium atá ar cheann de na príomhoibreoirí príobháideacha fóntais uisce sa Rúis. Ina theannta sin, meastar aistriú a scaireanna in A1, atá mar chuid de Alfa Group, a bheith ina aistriú samhailteach. Soláthraíonn an chuideachta árachais AlfaStrakhovanie, fochuideachta den Alfa Group Consortium, árachas d'fheithiclí Sheirbhís Chónaidhme Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise (Rosgvardia), a n-oibríonn a n-aonaid sna réigiúin atá faoi fhorghabháil san Úcráin atá faoi rialú na Rúise, chomh maith le d'feithiclí a úsáideann gardaí cosanta Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. Chuir AlfaStrakhovanie árachas ar fáil do chuideachtaí mar shampla JSC Kalashnikov Concern agus Central Scientific-Research Institute for Precision Machine Engineering (TsNIITochMash), a bhfuil a n-airm á n-úsáid go forleathan ag míleata na Rúise san Úcráin, lena náirítear le linn na n-ainghníomhartha in Bucha.	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Thairis sin, comhoibríonn X5 Retail Group, cuideachta eile de Alfa Group Consortium, le JSC Voentorg, eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a sholáthraíonn seirbhísí lónadóireachta agus níocháin, chomh maith le héidí míleata, d'fhórsaí armtha Chónaidhm na Rúise agus a ndíolann a bhfochuideachta t-léinte a bhfuil an tsiombail mhíleata "Z" orthu atá in úsáid ag lucht bolscaireachta na Rúise chun cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba comhalta de Chomhairle Gnóthaí Idirnáisiúnta na Rúise é Alexey Kuzmichev, meitheal mhachnaimh a sheolann ar aghaidh bolscaireacht Rialtas Chónaidhm na Rúise a bhaineann leis an Úcráin agus an cogadh ar an tír sin. Dá bhrí sin, is príomhphearsa gnó é Alexey Kuzmichev a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis agus duine gnó atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Anuas air sin, tacaíonn sé go hábharach nó ó thaobh airgeadais de le cinnteoirí na Rúise atá freagrach as ionghabháil na Crimé nó as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe astu.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
891.	Suleyman Abusaidovich KERIMOV (Rúisis: Сулейман Абусаидович КЕРИМОВ)	Dáta breithe: 12.3.1966 Áit bhreithe: Derbent, an Dagastáin, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Feidhm: Tá sé ina comhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach; iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is mórdhuine gnó Rúiseach Suleyman Kerimov agus tá sé ina chomhalta de Chomhairle Cónaidhme Thionól Cónaidhmeach Chónaidhm na Rúise agus den Choiste maidir le Rialacha Nós Imeachta agus Rialachas Parlaiminteach. Is é iar-úinéir an ghrúpa airgeadais agus thionsclaíoch Nafta Moscow é. Meastar go bhfuil glanluach USD 25,7 billiún ag Kerimov agus a mhuintir. Fuair sé suimeanna móra airgid ó Sergei Roldugin, atá ina chúramóir ar shaibhreas Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin. An 24 Feabhra 2022, d'fhreastail Kerimov ar chruinniú a bhí ag daoine mór le rá gnó sa Chreimil le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin chun plé a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh i ndiaidh smachtbhannaí an Iarthair. Ós rud é gur tugadh cuireadh dó freastal ar an gcruinniú sin, is léir gur comhalta é de dhlúthchiorcal na mórdhaoine gnó a bhfuil dlúthchaidreamh acu le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus go bhfuil sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, mar aon leis an gcobhsaíocht agus leis an slándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, is príomhdhuine gnó é atá rannpháirteach in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.3.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
903.	Elena Petrovna TIMCHENKO (ERMAKOVA (YERMAKOVA) a hainm baiste) (Елена Петровна ТИМЧЕНКО (ЕРМАКОВА))	Feidhm: Comhuachtarán an Foundation Timchenko Náisiúntacht: Rúiseach, Fionlannach Duine aonair comhlachaithe: Gennady Timchenko (fear céile) Inscne: baineann	Is í Elena Timchenko bean chéile Gennady Timchenko, a bhfuil seanaithne aige ar Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin agus ar dhuine dá rúnchairde é. Déanann sí bainistíocht, in éineacht lena fear céile, ar an gcuideachta eastát réadach Sci Ruth agus fuair sí eastát réadach i gcomhpháirt leis, rud a léiríonn ceangail thábhachtacha maoine eatarthu. Bhí ról tábhachtach ag Elena Timchenko agus bhí dlúthbhaint aici lena fear céile i bhFondúireacht Timchenko a dhéanann cuid dá gníomhaíochtaí i ndáil le grúpa infheistíochta Ghrúpa Volga, a bhfuil Gennady Timchenko bunaitheoir agus scairshealbhóir ann agus a chuireann go mór le geilleagar na Rúise agus lena forbairt. Dá bhrí sin, tá baint ag Elena Timchenko le Gennady Timchenko, arna ainmniú faoi Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ar an bhforas, *inter alia*, go bhfuil sé freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus as tacaíocht airgeadais agus ábhartha a sholáthar, agus tairbhe a bhaint as cinnteoirí Rúiseacha atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
921.	Igor Arkadyevich ROTENBERG (Игорь Аркадьевич РОТЕНБЕРГ)	Dáta breithe: 9.5.1973 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Daoine aonair comhlachaithe: Arkady Rotenberg (athair), Boris Rotenberg (uncail) Eintitis chomhlachaithe: SGM Group (Stroygazmontazh) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is duine mór gnó Rúiseach é Igor Rotenberg, agus is é an mac is sine de chuid Arkady Rotenberg é. Is é iar-úinéir Gazprom Drilling agus bhí scaireanna aige i gcóras Platon Electronic Toll Collection. Mar gheall ar na poist a bhí aige i bpríomhfhiontair na Rúise, a bhfuil conarthaí móra fabhracha stáit faighte acu, agus a dhlúthnaisc le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, leanann Igor Rotenberg de bheith ag baint tairbhe as cinnteoirí na Rúise agus as rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Go háirithe, d'úsáid Igor Rotenberg an caidreamh atá aige le cinnteoirí na Rúise agus le rialtas na Rúise chun a scaireanna a dhífheistiú, le tacaíocht ón Stát agus ar an gcaoi sin, ghin sé brabúis shuntasacha mar a léirítear leis an méadú seasta ar a shaibhreas, agus is ar a bhonn sin a bhfuil tairbhe fós á bhaint aige as na poist a bhíodh aige. Go háirithe, tá sé ag baint tairbhe as Rialtas na Rúise trína ról mar Chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí sa chuideachta sealbhaíochta Roskhim, a fhaigheann cuideachtaí a d'urghabh Rialtas na Rúise roimhe seo in earnáil na gceimiceán. Ina theannta sin, is duine nádúrtha é Igor Rotenberg a bhfuil baint aige le Arkady Rotenberg agus le hUachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin, beirt atá liostaithe faoi bhearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, baineann Igor Rotenberg tairbhe fós as cinnteoirí na Rúise agus as rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
960.	Evgeny Anatolievich KATSAVALOV (Евгений Анатольевич КАЦАВАЛОВ)	Dáta breithe: 11.2.1972 Inscne: fireann	Iar-“Aire Cásanna Éigeandála agus Bainistithe Tubaistí”, mar a ghairtear de, de “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di; bronnadh céim Leifteanant-Ghinearál air in 2024. Faoi láthair, is é Evgeny Katsavalov Ceann Phríomh-Stiúrthóireacht Aireacht Cásanna Éigeandála na Rúise do “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di. Ina cháil roimhe seo agus ina cháil reatha, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
968.	Svetlana Nikolaevna PODLIPAEVA (Светлана Николаевна ПОДЛИПАЕВА)	Dáta breithe: 16.9.1968 Uimhir Aitheantais Chánach: 34595908919313 Inscne: baineann	“Leas-Chathaoirleach ar an Rialtas”, mar a ghairtear de, agus iar-“Aire Saothair agus Beartais Shóisialta” i “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di. Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aici d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022
971.	Yuriy Anatolievich DEGTYAREV (Юрий Анатольевич ДЕГТЯРЕВ)	Dáta breithe: 15.5.1960 Inscne: fireann	Iar-“Aire Acmhainní Nádúrtha agus Slándála Comhshaoil”, mar a ghairtear de, de “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an bonn á bhaint go gníomhach aige d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
974.	Olga Alexandrovna MAKEEVA (Ольга Александровна МАКЕЕВА / Ольга Олександрівна МАКЄЄВА)	Dáta breithe: 21.1.1974 Inscne: baineann Teileafón: +7(499) 9950905	Iarchomhalta den “Daon-Chomhairle”, mar a ghairtear di, de “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di. Ceapadh í mar “Ambasadóir urghnách agus lánchumhachtach de Dhaon-Phoblacht Donetsk chuig Cónaidhm na Rúise”. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sí an Úcráin a thuilleadh.	8.4.2022
991.	Yulia Valentinovna MIKHAILOVA (Юлия Валентиновна МИХАЙЛОВА / Юлія Валентинівна МИХАЙЛОВА)	Dáta breithe: 14.7.1991 Inscne: baineann	Iarchomhalta den “Daon-Chomhairle”, mar a ghairtear di, de “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, agus iarchomhalta den Choiste um Shaothar, um Beartas Sóisialta agus um Ghnóthaí Iarshaighdiúirí. Faoi láthair, tá Yulia Mikhailova fostaithe ag Oifig Ionadaíoch “Daon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, i Moscó. Ina cáil roimhe seo agus ina cáil reatha, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus cuireann sí chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sí an Úcráin a thuilleadh.	8.4.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1106.	Nelli Akopovna ZADIRAKA (Нелли Акоповна ЗАДИРАКА)	Dáta breithe: 24.8.1949 Áit bhreithe: Akhaltsikhe, APSS (an tSeoirsia anois) Inscne: baineann	Is iarchomhalta den “Daon-Chomhairle”, mar a ghairtear di, de “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di, í Nelli Zadiraka, Cathaoirleach Chomhairle chathair Rubizhne,. Dá bhrí sin, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sí an Úcráin a thuilleadh.	8.4.2022
1107.	Dmitry Aleksandrovich KHOROSHILOV (Дмитрий Александрович ХОРОШИЛОВ; Дмитро Олександрович ХОРОШИЛОВ)	Dáta breithe: 20.12.1982 Inscne: fireann	Leaschathaoirleach ar an “Daon-Chomhairle”, mar a ghairtear di, de “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais, agus chuir sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	8.4.2022
1108.	Andrei Fiodorovich SOPELNIK (Андрей Федорович СОПЕЛЬНИК; Андрій Федорович СОПЕЛЬНИК)	Dáta breithe: 16.3.1975 Inscne: fireann	Céad Leaschathaoirleach ar an “Daon-Chomhairle”, mar a ghairtear di, de “Daon-Phoblacht Luhansk”, mar a ghairtear di. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais, agus chuir sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	8.4.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1111.	Azatbek Asanbekovich OMURBEKOV (Rúisis: Азатбек Асанбекович ОМУРБЕКОВ)	Maorghinearál Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Maor-Ghinearál Azatbek Omurbekov, ceann an 392ú Ionad Oiliúna Míleata, iarcheannasaí an 64ú Briogáid Mhótarthrealmhaithe Raidhfil ar Leithligh den 35ú Arm Comh-Arm de chuid Chónaidhm na Rúise, a mharaigh agus a rinne éigniú agus céasadh ar shibhialtaigh in Bucha na hÚcráine. Is ionann na hainghníomhartha sin agus coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Bronnadh teideal Laoch na Rúise air. Bhí sé i gceannas ar ghníomhaíochtaí a rinne a aonaid mhíleata agus tugadh Búistéir Bucha mar leasainm air mar gheall ar an bhfreagracht dhíreach atá air as maruithe, éignithe agus céasadh in Bucha. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais, nó cuireann sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht nó de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	3.6.2022
1160.	Tatiana Aleksandrovna NAVKA (Rúisis: Татьяна Александровна НАВКА)	Dáta breithe: 13.4.1975 Áit bhreithe: an Úcráin Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is bean chéile Dmitry Peskov, preasrúnaí Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, í Tatiana Navka, a liostaíodh faoi Chinneadh 2014/145/CBES. Is comhúinéir cuideachtaí agus réadmhaoine atá lonnaithe, *inter alia*, i leithinis na Crimé a d'ionghabháil Chónaidhm na Rúise go neamhdhleathach í Tatiana Navka. Eagraíonn sí seónna oighir a thagann le hinsintí bolscaireachta na Creimile. Dá bhrí sin, tá sí ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Chomh maith leis sin, tá sí comhlachaithe le duine liostaithe a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí nó le beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1173.	Eduard Yurevich KHUDAYNATOV (Эдуард Юрьевич ХУДАЙНАТОВ)	Dáta breithe: 11.9.1960 Áit bhreithe: Shymkent, iar-APSS, (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Pasuimhir: 753296761 (Rúiseach) Inscne: fireann	Is fear gnó Rúiseach é Eduard Khudaynatov atá gníomhach san earnáil fuinnimh. Is é úinéir an “Independent Oil and Gas Company” (NNK, JSC Neftegazholding), ceann de na cuideachtaí príobháideacha is mó sa Rúis agus mórtháirgeoir ola, a dhéanann sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus forbairt ar olacheantair agus gáscheantair, scagadh ola, chomh maith le táirgeadh agus margú táirgí peitriliam. In 2015, b’fhiú USD 2,2 billiún ioncam na cuideachta. Le blianta beaga anuas, fuair NNK scaireanna suntasacha i gcuideachtaí atá rannpháirteach san earnáil fuinnimh, mar shampla Varyeganneftegaz, mar aon lena gceadúnais eastósctha, ó Rosneft atá faoi úinéireacht Stáit. Ina theannta sin, dhíol NNK olacheantair éagsúla le Rosneft a ndearnadh cuid den tionscadal Vostok Oil díobh ina dhiaidh sin. Le blianta beaga anuas, d’íoc Rosneft USD 9,6 billiún le Khudaynatov ar chuideachta a bhfuil olacheantar aici in Taimyr. In 2019, d’iarr NNK agus Rosneft sochair ar Uachtarán Putin i ndáil lena ngníomhaíochtaí eastósctha san Artach agus fuair siad na sochair sin. Tá baint ag Khudaynatov leis an olagarc Rúiseach Igor Sechin agus leis an Uachtarán Vladimir Putin.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			D'oibrigh Khudaynatov agus Sechin le chéile in Rosneft agus tá a gcuideachtaí i mbun gníomhaíochtaí gnó comhpháirteacha san earnáil fuinnimh. D'oibrigh sé ar an gcéad fheachtas toghcháin uachtaránachta a bhí ag Putin in 2000, feachtas a bhainistigh sé i réigiún Tyumen, agus ina raibh sé ina chomhalta réigiúnach den Dúma ó 1997. Fuair sé "an tOrd um Fhiúntas don Athartha" as "seasamh na Rúise sa mhargadh domhanda fuinnimh a neartú agus feabhas a chur ar a ionchais infheistíochta". Dá bhrí sin, is duine de na príomhdhaoine gnó é Eduard Khudaynatov a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis, agus is duine gnó é a bhfuil baint aige le hearnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá sé ag baint tairbhe as Rialtas na Rúise agus tá baint aige le daoine liostaithe.	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1264.	Sayed Hojatollah QUREISHI (سید حجت الله قریشی) (ar a dtugtar freisin Sayyed Hojatolah GHOREISHI)	Dáta breithe: 27.9.1964 Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Grád: Ginearál Post: Leas-Cheannasaí Comhordúcháin Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (ó mhí Dheireadh Fómhair 2025) Pas: N42881363 (an Iaráin) a chuaigh in éag an 10.10.2022; pas D9021706 (an Iaráin) a chuaigh in éag an 14.7.2021; pas D10007155 (an Iaráin) a chuaigh in éag an 17.8.2025; pas A59655618 (an Iaráin) a rachaidh in éag an 15.9.2027; cárta aitheantais náisiúnta uimh. 5929869741 (an Iaráin)	Tá Ginearál Sayed Qureishi ina Leas-Cheannasaí Comhordúcháin de Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí ó mhí Dheireadh Fómhair 2025. Roimhe sin, bhí sé ina Leas-Aire Cosanta in Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL) ó mhí Eanáir 2024 i leith. Roimhe sin, ba é Ceann na Rannóige Soláthair, Taighde agus Gnóthaí Tionsclaíocha ag MODAFL agus bhí sé freagrach as caibidlíocht a dhéanamh don chomhaontú le Cónaidhm na Rúise maidir le soláthar aerfheithiclí gan foireann (UAVanna) de dhéantús na hIaráine lena n-úsáid sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá an Ginearál Sayed Qureishi freagrach as gníomhaíochtaí, agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1271.	Hamid VAHEDI (حمید واحدی)	Dáta breithe: 14.4.1965 Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Grád: Briogáidire-Ghinearál Post: Comhairleoir gnóthaí aeir do phríomhcheannasaí an Airm	Is é an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi comhairleoir gnóthaí aeir ardcheannasaí an Airm. B'Ardcheannasaí Aerfhórsa na hIaráine é. Sa phost sin, tá baint aige le próiseas cinnteoireachta maidir le clár Aerfheithiclí Gan Foireann na hIaráine, onnmhairí Aerfheithiclí Gan Foireann agus comhar cosanta le Cónaidhm na Rúise sa réimse sin, rud a d'fhág go bhfuil Aerfheithiclí Gan Foireann de chuid na hIaráine á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	12.12.2022
1308.	Alexander Nikolayevich NEKRASOV (Александр Николаевич НЕКРАСОВ)	Dáta breithe: 20.6.1963 Áit bhreithe: Severodvinsk, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iarchomhalta den Chomhairle Chónaidhme é Alexander Nekrasov a dhaingnigh, an 4 Deireadh Fómhair 2022, na ceithre chonradh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk, Daon-Phoblacht Luhansk, réigiún Zaporizhzhia agus réigiún Kherson, agus a lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	16.12.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1958.	Ahmed KERIMOV	Náisiúntacht: Asarbaiseánis Inscne: fireann	Is scairshealbhóir in 2Rivers Group é Ahmed Kerimov, grúpa trádála ola atá bunaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar a dtugtaí Coral Energy tráth, grúpa a éascaíonn seoladh agus onnmhairiú ola na Rúise, go háirithe ó Rosneft, trí thionscnamh iarbhír na hola a cheilt. Go háirithe, rialaíonn 2Rivers Group cuid mhór de na soithí i "scáthchabhlach" na Rúise, mar a ghairtear de. Leanann 2Rivers Group den líonra céanna le Coral Energy a oibriú, lena n-áirítear eintitis chomhlachaithe mar shampla Nord Axis agus Bellatrix Energy, gan beann ar an athrú ar a ainm agus a úinéireacht, mar a léirítear leis an nasc idir úinéir na cuideachta roimhe seo agus an bhainistíocht nua. Leanann 2Rivers Group dá ghníomhaíocht faoin ainm Safira. Ina theannta sin, is earnáil í earnáil an fhuinnimh, go háirithe earnáil na hola, a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Ahmed Kerimov ag cur bac suntasach ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, go háirithe Airteagal 3m. Tá sé rannpháirteach freisin in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	19.7.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1973.	Kirill Ramilievich ABDRAKHMANOV Rúisis: Кирилл Рамилевич АБДРАХМАНОВ	Dáta breithe: 4.11.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 183105192203	Is é Kirill Abdrakhmanov iarBhainisteoir Ginearálta JSC “Sarapulsky Radiozavod”, a sholáthraíonn córais agus gléasanna móibíleacha ar fud ardáin éagsúla. Úsáidtear a chuid táirgí san iompróir pearsanra armúrtha Tiger-M agus i gcórais ar nós “Arbalet” agus “Akveduk”, a mbaineann an Rúis úsáid astu go léir ina cogadh foghach ar an Úcráin. Bronnadh go leor gradam ar Kirill Abdrakhmanov, lena n-áirítear bonn na Seirbhíse Cónaidhme um Chomhar Míleata Teicniúil “as barrchéimíocht”. Dá bhrí sin, tá Kirill Abdrakhmanov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise.	23.10.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1979.	CHA Yong Beom ar a dtugtar freisin CHA Yong-bom ar a dtugtar freisin CHA Yong-pom Cóiréis: 차용범	Feidhm: Leas-Aire Cosanta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré Náisiúntacht: Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré Inscne: fireann	Is Leifteanant-Ghinearál é Cha Yong Beom i nDaon-Arm Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Sainaithníodh é mar dhuine de cheannasaithe sinsearacha míleata DPDC a imscaradh chuig an Rúis in éineacht le trúpaí de chuid DPDC chun tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tar éis imscaradh chuig an Rúis, tugadh ardú céime do Cha Yong Beom go Leas-Aire Cosanta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. I bhfianaise imscaradh Cha Yong Beom sa Rúis agus a rannpháirtíocht i gcomhar míleata DPDC leis an Rúis, tá sé ag tacú le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus, ar an gcaoi sin, tá sé ag baint an bhoinn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ag bagairt ar an méid sin.	23.10.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1982.	Valery KILDIYAROV Rúisis: Валерий КИЛЬДИЯРОВ	Feidhm: Bainisteoir in Alghaf Marine DMCC; iarstiúrthóir airgeadais Litasco Middle East DMCC Dáta breithe: 14.6.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is bainisteoir é Valery Kildiyarov in Alghaf Marine DMCC, agus is é iarstiúrthóir airgeadais Litasco Middle East DMCC é. Soláthraíonn an dá chuideachta méideanna suntasacha amhola de chuid na Rúise. Tá an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ina foinse mhór ioncaim do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Valery Kildiyarov rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá Valery Kildiyarov comhlachaithe le Litasco Middle East DMCC.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1983.	Anar MADATLI		Bhí Anar Madatli ina scairshealbhóir agus ina stiúrthóir de chuid 2Rivers Group, cuideachta trádála ola atá bunaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar a dtugtaí “Coral Energy” roimhe seo. Cumasaíonn 2Rivers Group seoltaí lastas agus onnmhairithe ola ón Rúis, go háirithe ón gcuideachta ola Rosneft atá faoi úinéireacht stát na Rúise , trí thionscnamh iarbhír na hola a cheilt. Go háirithe, is é 2Rivers Group a rialaíonn cuid mhór de na soithí i “scáthchabhlach” na Rúise, mar a ghairtear de. Leanann 2Rivers Group den líonra céanna le Coral Energy a oibriú, lena n-áirítear eintitis chomhlachaithe, amhail Nord Axis agus Bellatrix, mar a léirítear leis an nasc idir úinéir na cuideachta roimhe seo agus an lucht bainistíochta nua. Leanann 2Rivers Group dá ghníomhaíocht faoin ainm Safira. Ina theannta sin, is earnáil í earnáil an fhuinnimh, go háirithe earnáil na hola, a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Anar Madatli ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Tá sé rannpháirteach freisin in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1984.	Talat SAFAROV	Náisiúntacht: Asarbaiseánis Inscne: fireann Seoladh: 301 JBC 4, Jumeriah Lake Towers Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha; 336 Smith Street #04-304, New Bridge Centre Singapore 050336; 409 Platinum Tower, Jumeirah Lake Towers, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Daoine aonair comhlachaithe: Ahmed Kerimov; Anar Madatli Eintitis chomhlachaithe: 2Rivers PTE LTD; 2Rivers FZCO Ríomhphost: talat.safarov@coralenergy.ch	Ba scairshealbhóir in 2Rivers Group é Talat Safarov agus bhí post bainistíochta (POF) aige ann, grúpa trádála ola atá bunaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar a dtugtaí “Coral Energy” tráth, grúpa a éascaíonn seoladh agus onnmhairiú ola na Rúise, go háirithe ón gcuideachta ola Rosneft atá faoi úinéireacht stát na Rúise, trí thionscnamh iarbhír na hola a cheilt. Leanann 2Rivers Group den líonra céanna le Coral Energy a oibriú, lena n-áirítear eintitis chomhlachaithe amhail Nord Axis agus Bellatrix Energy, mar a léirítear leis an nasc idir úinéir na cuideachta roimhe seo agus an lucht bainistíochta nua. Leanann 2Rivers Group dá ghníomhaíocht faoin ainm Safira. Ina theannta sin, is earnáil í earnáil an fhuinnimh, go háirithe earnáil na hola, a sholáthraíonn ioncam suntasach do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Talat Safarov ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Tá sé rannpháirteach freisin in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise iad, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	15.12.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1991.	Alimzhan Kuantaevich BEKOV Rúisis: Алимжан Куантаевич БЕКОВ	Feidhm: Bunaitheoir agus Stiúrthóir LLP "United Trading Group"; Ionadaí de chuid UrSeCo Handels GmbH & Co. KG Inscne: fireann	Is é Alimzhan Bekov bunaitheoir agus Stiúrthóir LLP "United Trading Group", cuideachta atá lonnaithe sa Chasacstáin. Tá sé ina ionadaí freisin ar UrSeCo Handels GmbH & Co. KG. Soláthraíonn an chuideachta Ghearmánach, UrSeCo Handels GmbH & Co. KG, clóiríd hidrigine (HCl) ardíonachta, ceimiceán ríthábhachtach don phróiseáil sliseog, a tháirgeann Wacker Chemie AG don "United Trading Group" (an Chasacstáin). Mar sin, soláthraíonn "United Trading Group" HCl don chuideachta Rúiseach LLC "Siltron". Téann an slabhra soláthair tríd an bPolainn, an Tuirc agus an Chasacstáin. Tá nasc díreach idir LLC "Siltron" agus UrSeCo Handels mar go bhfuil athair an scairshealbhóra tromlaigh in LLC "Siltron" ar cheann de na páirtithe in UrSeCo. De bhun Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tá toirmeasc ar oibreoirí an Aontais HC1 a onnmhairiú chuig eintiteas sa Rúis. Dá bhrí sin, tá Alimzhan Bekov ag éascú sáruithe ar an toirmisc ar theacht timpeall ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus Chinneadh 2014/512/CBES.	23.4.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2016.	Svetlana Vladimirovna DMITROVA ar a dtugtar freisin Svetlana Volodymyrovna DMITROVA Rúisis: Светлана Владимировна ДМИТРОВА ar a dtugtar freisin Светлана Володимировна ДМИТРОВА	Feidhm: Ceann Roinn Oideachais Riarachán Cheantar Simferopol Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Dáta breithe: 6.1.1968 Uimhir Aitheantais Chánach: 910913280990	Tá Svetlana Dmitrova ina Ceann ar Roinn Oideachais Riarachán Cheantar Simferopol, mar a thugtar uirthi, sa Chrimé atá faoi fhorghabháil ó bhí 2017 ann ar a laghad. Sa cháil sin, bíonn sí ag cur chun cinn go gníomhach "oideachais mhíleata thírghrách" do mhionaoisigh i gceantar Simferopol, chun dílseacht do Chónaidhm na Rúise a chothú. Is í atá freagrach as an gclár "Youth of the Simferopol District" a chur chun feidhme, a fhéachann le daltaí a chomhtháthú i dtimpeallacht nach bhfuil ach Rúiseach. Ina theannta sin, tacaíonn sí le himeachtaí lena nglóirítear arm na Rúise agus glacann sí páirt iontu agus spreagann sí rannpháirtíocht na hóige sa tseirbhís mhíleata amach anseo. Faoina ceannaireacht, chomhoibrigh a roinn le heagraíochtaí ar nós UNARMIA, Volunteers of Victory, the Movement of the First, agus DOSAAF. Faoin stiúir, osclaíodh ar a laghad 36 rang de dhaltaí airm i scoileanna ceantair chun seirbhís i bhfórsaí armtha agus i gcomhlachtaí forfheidhmithe dlí na Rúise a chur chun cinn. D'éascaigh sí freisin pasanna Rúiseacha a eisiúint chuig daoine óga áitiúla agus thacaigh sí le himeachtaí lena ndéantar ionghabháil na Crimé a cheiliúradh. Dá bhrí sin, tá Svetlana Dmitrova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a rannchuidíonn le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síol-teagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach.	23.4.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2023.	Aleksandr Yuryevich CHAYKO ar a dtugtar freisin Alexander Yuryevich CHAIKO Rúisis: Александр Юрьевич ЧАЙКО	Feidhm: Coirnéal Ginearál; Ard-Cheannasaí Fhórsaí Aeraspáis na Rúise; iarCheann an Ghrúpa Fórsaí Armtha sa tSiria; iarCheannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir Dáta breithe: 27.7.1971 Áit bhreithe: Golitsyno, Réigiún Mhoscó, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 503009120703	Is é Alexandr Chayko, Ardcheannasaí Fhórsaí Aeraspáis na Rúise, iarcheann an Ghrúpa Fórsaí Armtha sa tSiria agus iarCheannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir. Ba é an t-oifigeach míleata Rúiseach is sinsearaí ar an láthair san Úcráin é nuair a cuireadh tús le mórionradh na Rúise. Ba é Alexandr Chayko an Príomhcheannasaí san Úcráin nuair a chuaigh trúpaí na Rúise isteach in Bucha. Is ionann na hainghníomhartha sin a rinneadh in Bucha agus coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Bronnadh an teideal “Laoch Chónaidhm na Rúise” ar Alexandr Chayko in 2020. Dá bhrí sin, tá Alexandr Chayko ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht agus slándáil na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.3.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2026.	Sergey Viktorovich CHUBARYKIN Rúisis: Сергей Викторович ЧУБАРЫКИН	Feidhm: Maor-Ghinearál; Leas-Cheannasaí Thrúpaí Aerbheirthe Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 25.8.1980 Áit bhreithe: Ryazan, PCSS na Rúise, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pas: sraith 6102 Uimh. 632261 arna eisiúint an 16.10.2002 Uimhir Aitheantais Chánach: 231523648681	Ba é an Maor-Ghinearál Sergey Chubarykin, Leas-Cheannasaí Thrúpaí Aerbheirthe Chónaidhm na Rúise, Ceannasaí an 76ú Rannán Gardaí um Ionsaithe Aeir, a ndearna a thrúpaí an chuid is mó de na hainghníomhartha doiciméadaithe in Bucha, lena n-áirítear básuithe, céasadh agus creachadh. Is ionann na hainghníomhartha sin a rinneadh in Bucha agus coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Bhí an 76ú Rannán Gardaí um Ionsaithe Aeir chun tosaigh i mór-ionradh na Úcráine i mí Feabhra 2022, agus bhí gnéithe éagsúla den rannán páirteach sa chogaíocht ó thuaidh de Chív, i Réigiún Kharkiv gar do chathair Izyum, agus i Réigiún Luhansk thoir, thart timpeall Popasna. Dá bhrí sin, tá Sergey Chubarykin ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cobhsaíocht agus slándáil na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.3.2026’;

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘83.	Joint Stock Company “State Transport Leasing Company” ar a dtugtar freisin JSC GTLK ar a dtugtar freisin State Transport Leasing Company Rúisis: Акционерное общество, ‚Государственная Транспортная Лизинговая Компания	Seoladh: 31a Leningradsky Avenue, bldg. #1, Moscó 125284, Cónaidhm na Rúise Seoladh dlíthiúil: 73 Respublika St., Suite 100, Salekhard, Yamalo-Nenets Autonomous Area, 629008, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: cuideachta iompair Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúis Dáta clárúcháin: 19.11.2001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1027739407189 Eintitis chomhlachaithe: GTLK Europe, GTLK Asia, GTLK Middle East Teileafón: (495) 221-00-12 8-800-200-12-99 Ríomhphost: gtlk@gtlk.ru Uimhir Aitheantais Chánach: 7720261827 Uimhir IMO: 5213962	Is fiontar Rúiseach faoi úinéireacht stáit é JSC GTLK ar a ndéanann Aireacht Iompair na Rúise maoirseacht. Oibríonn GTLK in iompar aeir, ar muir agus iarnróid, iompar paisinéirí, mótarfheithiclí agus trealamh speisialta do chuideachtaí intíre sa tionscal iompair, agus déanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta chun bonneagar iompair na Rúise a fhorbairt. Is é an chuideachta léasaithe iompair is mó sa Rúis é. In 2025, rinneadh meastóireacht ar phunann léasa GTLK dar luach RUB 2,9 trilliún; agus tá fochuideachtaí aige sa Mheánoirthear, san Áise agus san Eoraip. Tá sé mar sprioc ag GTLK cabhlach drón a chruthú, a allmhairítear ón tSín, chun misin faireachais aeir a dhéanamh. Sheol GTLK clár náisiúnta chun dróin a léasú agus sheachaid sé na chéad dróin in 2024. Is é RUB 34 bhilliún méid na n-infheistíochtaí beartaithe i dtáirgeadh drón sna blianta 2024-2026. I mí Aibreáin 2025, sheol GTLK margadh le haghaidh dróin darb ainm “Naletay. RF”. Is eintiteas dlítheanach é GTLK a thugann tacaíocht airgeadais do rialtas Chónaidhm na Rúise agus a bhaineann tairbhe as an rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	8.4.2022

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
93.	Tatshina LLC (ООО ТАТШИНАУК) Ar a dtugtaí Management Company Tatneft-Neftekhim LLC tráth (Rúisis: ООО УК Татнефть-Нефтехим)	Seoladh: Korpus AIK-24, Industrial zone Territory, Nizhnekamsk, Nizhnekamskij District, Republic of Tatarstan, 423570 Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7(8555) 49-73-42, +7(8555) 49-75-86, +7 (8555) 49-74-39, +7(8555) 49-79-82, +7(8553) 25-54-97 Facs: +7(8555) 49-75-86 Suíomh gréasáin: www.neftehim.tatneft.ru Ríomhphost: nhk@tnnh.tatneft.ru, rotkinaeg@tnnh.tatneft.ru Uimhir chlárúcháin: Uimhir Aitheantais Chánach: 1644024517 IEC 165101001 PSRN 1021601627090 an 25.11.2002 OKPO 57243722 Eintitis chomhlachaithe: JSC Nizhnekamskshina; LLC Nizhnekamsk Truck Tyre Factory; Nizhnekamsk SSC Tyre Factory;	Tar éis ainmniú Management Company Tatneft-Neftekhim LLC, dhíol Tatneft Group a scaireanna sa chuideachta bhainistíochta “Tatneft-Neftekhim” le JSC Tatneftekhiminvest-Holding, a d’athraigh a ainm go Tatshina LLC. Déanann Tatshina LLC (ar a dtugtaí Management Company Tatneft-Neftekhim tráth) fochuideachtaí bonn PJSC Nizhnekamskneftekhim a bhainistiú agus a chomhordú, lena n-áirítear TD KAMA, Nizhnekamskshina agus Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant. Tugann sé gach fiontar a bhaineann le gnó bonn JSC Tatneftekhiminvest-Holding le chéile, agus bainistíonn sé a dtáirgeadh, a bpróisis phleanála, a n-oibríochtaí gnó, a n-acmhainní daonna agus a gcaidreamh poiblí. Cuireann TD KAMA, dáileoir ginearálta táirgí gnó bonn JSC Tatneftekhiminvest-Holding, boinn ar fáil d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise agus do Gharda Náisiúnta Chónaidhm na Rúise. Monaraíonn Nizhnekamskshina boinn atá feistithe ar fheithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV. I measc tháirgí Nizhnekamsk All-Steel Tyre Plant, tá boinn KAMA NU402 atá feistithe ar fheithiclí soghluaisteachta coisithe Tigr a iompraíonn diúracáin shoghluaiste fhritancacha Kornet. D’úsáid Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise feithiclí armúrtha K4386 Typhoon-VDV, feithiclí soghluaisteachta coisithe Tigr agus diúracáin shoghluaiste fhritancacha Kornet le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Tatshina LLC agus TD KAMA tacaíocht ábhartha ar fáil freisin d’fhostaithe arna slógadh don chogadh san Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábhartha do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	3.6.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
		JSC Nizhnekamsktekhuglerod; JSC Nizhnekamsk Mechanical Plant); TD “Kama” Trading House; LLC “Kama” Scientific & Technical Center; LLC TATNEFT-Neftekhimsnab; JSC Yarpolimermash-Tatneft; LLC Energoshinservis		

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
251.	JSC SPECIAL DESIGN BUREAU OF TRANSPORT MECHANICAL ENGINEERING ar a dtugtar freisin JSC Spetsmash (АО “СПЕЦИАЛЬНОЕ КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ТРАНСПОРТНОГО МАШИНОСТРОЕНИЯ” ar a dtugtar freisin АО “Спецмаш”)	Seoladh: 198097, Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, 47 Stachek Ave., building 2 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 10.12.1992 Uimhir chlárúcháin: 1027802749061 Príomhionad gnó: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 7805019624 Uimhir KPP: 780501001 Suíomh gréasáin: www.specmash-kb.com Teileafón: +7(812) 320-08-23 Ríomhphost:specmash@specmash-kb.com	Tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha agus chosanta sa Rúis a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn feithiclí míleata agus sainchuspóireacha. Bunaíodh JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ag Gléasra Kirov agus tá na háiseanna go léir is gá acu chun taighde a dhéanamh ar fheithiclí míleata, iad a fhorbairt agus a thástáil. Tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering faoi úinéireacht indíreach ag State Corporation Rostec. Forbraíonn agus nuachóiríonn JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering an príomhthanc catha T-80, an airtléire féinghluaiste 2S7 “Pion” agus a leagan feabhsaithe, mar atá 2S7M “Malka”, agus fonnadh don chóras cosanta aeir S-300V. Úsáidtear na meaisíní míleata troma sin i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le príomhthancanna catha, airtléire féinghluaiste agus córais aerchosanta arna dtáirgeadh ag JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering, cuirtear cumais troda agus airm thine ar fáil d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Special Design Bureau of Transport Mechanical Engineering ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
256.	JSC DESIGN OFFICE FOR SHIPBUILDING VYMPEL ar a dtugtar freisin JSC DO Vympel (АО КОНСТРУКТОРСКОЕ БЮРО ПО ПРОЕКТИРОВАНИЮ СУДОВ “ВЫМПЕЛ” ar a dtugtar freisin АО КБ “Вымпел”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod, st. Nartova, d. 6 k. 6, room 25 cab. 96 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod, st. Nartova, d. 6 k. 6, room 25 cab. 96 Dáta clárúcháin: 4.5.1993 Uimhir chlárúcháin: 1025203018708 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise, Nizhny Novgorod region, Nizhny Novgorod Suíomh gréasáin: https://www.vympel.ru/, https://www.list-org.com/company/14072 Teileafón: +7(831) 433-41-49 Ríomhphost: info@vympelmkb.ru Uimhir Aitheantais Chánach: 5260001206 Uimhir KPP: 526201001	Tá JSC Design Office for Shipbuilding Vympel (JSC DO Vympel) ar cheann de na coimpléisc thionsclaíocha agus chosanta sa Rúis a thógann raon leathan long d’aicmí éagsúla agus chun críocha éagsúla, lena n-áirítear iompróirí, tancaeir agus soithí tacaíochta do Chabhlach na Rúise. Tá JSC DO Vympel ina chuid den chuideachta longthógála JSC United Ship-building Corporation atá faoi úinéireacht an stáit. Forbraíonn agus tógann JSC DO Vympel réimse leathan long agus soithí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do thionscail na Rúise. Ina theannta sin, tógann JSC DO Vympel soithí tacaíochta do Chabhlach na Rúise, atá ag glacadh páirt ghníomhach i gcogadh na Rúise ar an Úcráin. Is iad na príomh-chomh-pháirtithe atá ag JSC DO Vympel cuideachtaí longthógála Rúiseacha ar leis an ilchuideachta longthógála JSC United Shipbuilding Corporation iad agus atá faoi úinéireacht an stáit. Dá bhrí sin, tá JSC DO Vympel ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
260.	JSC “Research and Production Enterprise ‘Topaz’” ar a dtugtar freisin JSC “NPP ‘Topaz’” (АО “Научно-Производственное Предприятие ‘Топаз’” ar a dtugtar freisin АО “НПП ‘Топаз’”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 129085, Moscó, Mira Ave., 105, bldg. 9 Seoladh roimhe seo: Cónaidhm na Rúise, Moscow region, Dolgoprudny, Pervomayskaya street, 21 Seoladh dlíthiúil roimhe seo: Cónaidhm na Rúise, 129626, Moscow city, ul. 3rd Mytishchinskaya, d. 16, p. 34, floor 2 pom III com 25 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 24.7.1997, 17.1.2003 Uimhir chlárúcháin: 1035001851125 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Faisnéis bhreise: INN/KPP 5008011331/771701001 Teileafón: (495) 909-84-82; (495) 909-84-83 Facs: (495) 909-83-73 Suíomh gréasáin https://topazlab.ru/ Ríomhphost: mail@topazlab.ru	Tá JSC Research and Production Enterprise “Topaz” (JSC NPP “Topaz”) i mbun crua-earraí agus bogearraí a fhorbairt agus a tháirgeadh, ar crua-earraí agus bogearraí iad a úsáidtear chun tacaíocht rialaithe oibiachtúil a thabhairt d’aerárthaí ar talamh agus d’aerárthaí iompróirbhunaithe le haghaidh eitlíocht mhíleata agus shibhialta. Soláthraíonn JSC NPP “Topaz” na bogearraí a úsáideann aerárthaí Fhórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach leanúnach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC NPP “Topaz” ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
306.	Mikron JSC (Акционерное Общество “Микрон” ar a dtugtar freisin АО “Микрон”)	Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúis Seoladh: 124460, Moscó, Zelenograd, Akademika Valieva St., 6, building 1 Dáta clárúcháin: 13.1.1994 Uimhir Aitheantais Chánach: 7735007358 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1027700073466	Is eintiteas é Mikron JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise, lena n-áirítear i réimse na leictreonaice. Tá ceadúnais arna riar ag Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (SSC) ag Mikron JSC. Ceann de na ceadúnais FSB atá ag Mikron JSC, eisítear é chuig cuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn córais bainistithe bunachar sonraí phearsanta do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú). Dá bhrí sin, is eintiteas é Mikron JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise agus ag a bhfuil ceadúnas arna riar ag an Lárionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit de chuid FSB.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
316.	Software Research Institute ar a dtugtar freisin JSC “SCIENTIFIC-RESEARCH INSTITUTE OF SOFTWARE” ar a dtugtar freisin JSC NII PS ar a dtugtar freisin Research Institute of Software Tools ar a dtugtar freisin Joint-Stock Company “Research Institute of Software Tools” (АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ ПРОГРАММНЫХ СРЕДСТВ” ar a dtugtar freisin АО “НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ ПРОГРАММНЫХ СРЕДСТВ” ar a dtugtar freisin АО НИИ ПС)	Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Seoladh: 194021, Cathair Pheadair, Polytechnic Street 22N Dáta clárúcháin: 14.2.2011 Uimhir Aitheantais Chánach: 7804454896 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1117847048440	Is eintiteas é Software Research Institute a oibríonn in earnáil TF na Rúise, lena n-áirítear i réimse an ríomhchlárúcháin agus i monarú eilimintí trealaimh mhíleata. Tá ceadúnas ag Software Research Institute arna riar ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise, chomh maith le ceadúnas arna riar ag Federal Security Service (FSB) Chónaidhm na Rúise. Cumhdaíonn an ceadúnas arna riar ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise le haghaidh “forbairt, táirgeadh, tástáil, suiteáil, cothabháil, diúscairt agus díol armán agus trealaimh mhíleata”. Eisítear ceadúnas FSB chuig cuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn córais bainistithe bunachar sonraí phearsanta do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú). Dá bhrí sin, is eintiteas é Software Research Institute a oibríonn in earnáil TF na Rúise agus ag a bhfuil ceadúnas arna riar ag an Lárionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit de chuid FSB agus ag a bhfuil ceadúnas le haghaidh “armáin agus trealamh míleata” arna riar ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
318.	PMC Redut ar a dtugtar freisin PMC Redoubt (ЧВК Редут ar a dtugtar freisin Редут-Антитеррор ar a dtugtar freisin ООО “РЕДУТ-БЕЗОПАСНОСТЬ”)	Seoladh: Dubininskaya street 61, room IV, room 35, Moscó, Cónaidhm na Rúise Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúis Dáta clárúcháin: 13.12.2019 Uimhir chlárúcháin: 1197746727530	Eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá lonnaithe sa Rúis é Redut (“PMC Redut”), a oibríonn faoi cheannas Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, de réir na dtuairiscí. Tugann sé faoi ghníomhaíochtaí slándála agus míleata, agus bíonn páirt dhíreach i gcoinbhleachtaí míleata aige. Cé go raibh baint aige roimhe seo le gníomhaíochtaí sa tSiria, faoi chuimsiú chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ghlac PMC Redut páirt i ngníomhaíochtaí comhraic san Úcráin, gar do Ghléasra Cumhachta Núicléiche Shearnóbail agus Kharkiv, agus rinne babhtaí taiscéalaíochta roimh an gcogadh foghach ar an Úcráin. Luadh é freisin i ndáil le hiarrachtaí feallmharaithe ar Uachtarán na hÚcráine Volodymyr Zelenskyy. Sainaithníodh baill PMC Redut mar amhrastaigh in imscrúduithe ar choireanna cogaidh a rinneadh le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá PMC Redut ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
329.	LLC Miranda Media ar a dtugtar freisin LLC Miranda-Media (ООО Миранда Медиа ar a dtugtar freisin ООО Миранда-Медиа)	Seoladh: An Úcráin, an Chrimé, Simferopol, Geroev, Adzhimushkaya street, 9 Cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: an Chrimé, an Úcráin Dáta clárúcháin: 15.6.2004 Uimhir chlárúcháin: 1047796423487 Príomhionad gnó: an Chrimé, an Úcráin Teileafón: 433-81-46, +7 (863) 287-06-14, +7 (978) 993-78-43 Ríomhphost: tender@miranda-media.ru Suíomh gréasáin: https://www.miranda-media.ru/ Uimhir Aitheantais Chánach: 7702527584 Uimhir KPP: 910201001	Cuireann Miranda Media seirbhísí teileachumarsáide ar fáil d'údaráis agus d'institiúidí neamhdhleathacha sa Chrimé agus in Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach orthu, chun leasa Chónaidhm na Rúise. D'aithin rialtas Cónaidhm na Rúise Miranda Media mar chuideachta a bhfuil tábhacht chónaidhme léi. Faigheann sé tacaíocht shuntasach airgeadais ó Chónaidhm na Rúise. Chomh maith leis sin, tá an trealamh scagtha idirlín aige a úsáideann rialtas na Rúise chun srian a chur le rochtain ar fhaisnéis, d'aontaigh sé a shonraí suibscríbhneoirí a roinnt le húdaráis na Rúise, agus bronnadh conarthaí Stát na Rúise air chun córais físfhaireachais a shuiteáil. Dá bhrí sin, tá Miranda Media ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
342.	Rostov Helicopter Production Complex Public Joint Stock Company “Rostvertol” Named After B.N. Slyusar PJSC ar a dtugtar freisin Rosvestol (Ростовский Вертолетный Производственный Комплекс Публичное Акционерное Общество “Роствертол” имени Б.Н. Слюсаря a.k.a. ПАО “Росвестол”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Rostov region, Rostov-on-Don, Novatorov str., vld. 5 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Rostov, Moscó, Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 2.12.1992, 23.9.2002 Uimhir chlárúcháin: 6161021690 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://www.rhc.ru/ Teileafón: +7(863)272-72-21, +7 (495) 627 55 45, +7 (495) 660-55-60, +7 (495) 660-5559 Ríomhphost: hsc@hsc-copter.com Uimhir Aitheantais Chánach: 6161021690 Uimhir KPP: 616101001 Uimhir chlárúcháin: 1026102899228	Is monaróir aerárthaí Rúiseach é PJSC Rostvertol (Rostov Helicopter Production Complex Public Joint Stock Company Rostvertol). Táirgeann PJSC Rostvertol rótarárthaí den bhranda “Mi”, eadhon Mi-35M, Mi-28N agus Mi-26. Bíonn na héileacaptair sin á n-úsáid ag Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá PJSC Rostvertol ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
345.	FSE “TGP”, Federal State Enterprise “Tambov Gunpowder Plant” (ФКП “ТПЗ”, Федеральное Казенное Предприятие “Тамбовский Пороховой Завод”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 393190, Tambov region, Kotovsk, Truda Ave., 23 Cineál eintitis: Fiontar Stáit Chónaidhme Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, 393192, réigiún Tambov, Kotovsk, Truda Ave., 23 Dáta clárúcháin: 16.8.2000 Uimhir chlárúcháin: 1026801010994 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (47541) 2-36-33 Facs: +7 (47541) 2-08-00 Ríomhphost: info@fkptpz.ru Suíomh gréasáin https://fkptpz.ru Uimhir Aitheantais Chánach: 6825000757 Uimhir KPP: 682501001	Is fiontar Rúiseach é an FSE Tambov Gunpowder Plant a tháirgeann púdair pyroxylin, a úsáidtear i gcineálacha éagsúla armlóin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise. Táirgeann an gléasra púdair pyroxylin le haghaidh réimse leathan armlón, ó chartúis agus gránáidí 7,62 mm le haghaidh raidhfilí Kalashnikov go hurchair tancanna 125 mm le haghaidh sliogáin phríomhthancanna catha T-90 agus sliogáin airtléire le haghaidh 2S3 Akatsiya, 2S19 Msta-S, Msta-B agus 2S5 airtléire Hyacinth agus aonad habhatsair. Tá an gléasra faoi úinéireacht Rostec State Corporation, ilchuideachta cosanta na Rúise. Oibríonn an gléasra in earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach léi sa tionscal míleata agus bhí sé in ann a acmhainneacht táirgeachta a mhéadú le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá FSE Tambov Gunpowder Plant ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
349.	Closed Joint Stock Company Klimovsk Specialized Cartridge Plant, CJSC KSCP ar a dtugtar freisin CJSC KSPZ (Закрытое Акционерное Общество Климовский Специализированный Патронный Завод ar a dtugtar freisin ЗАО КСПЗ)	Seoladh: 249100, Kaluga region, Tarusa district, Tarusa, 18, R. Luxemburg str.; 142181, Moscow region, Podolsk, Klimovsk district, Zavodskaya street, 2. Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Dúnta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 29.8.2001 Uimhir chlárúcháin: 1025002689205 Uimhir Aitheantais Chánach: 5021011845 Uimhir KPP: 507401001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise, Tarusa Teileafón: 8(495) 445-54-00, 8 (495)514-22-20, (8495) 517-93-08 Ríomhphost: office@kspz.ru Suíomh gréasáin https://new.kspz.ru/	Is fiontar Rúiseach é CJSC Klimovsk Speisialaithe Cartridge Plant a tháirgeann cartúis lena n-úsáid i gcineálacha éagsúla arm a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise. Is é an gléasra sin príomhsholáthraí armlóin do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Rúise, lena n-áirítear Aonad Míleata Uimh. 55056 (Seirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise) agus an tSeirbhís Pheannaideach Chónaidhme. Cuireann CJSC KSCP réimse leathan de chartúis de chalabraí éagsúla ar fáil, a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise agus na seirbhísí slándála. Oibríonn an gléasra in earnáil thábhachtach straitéiseach den tionscal míleata, agus tá cumais troda míleata na Rúise á bhfeabhsú go díreach trí na gníomhaíochtaí atá ar bun aige. Tá CJSC Klimovsk Specialised Cartridge Plant ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an rialtas sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
353.	JSC Saratov ar a dtugtar freisin Radio Instrument Plant Joint Stock Company State Ryazan Instrument Plant ar a dtugtar freisin JSC SRZ (Акционерное Общество “Саратовский Радиоприборный Завод” ar a dtugtar freisin АО “Саратовский Радиоприборный Завод” ar a dtugtar freisin AOCP3)	Seoladh: 410040, Saratov, Prospekt 50 Let Oktyabrya, d 108, Cónaidhm na Rúise Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 13.3.2009 Uimhir Aitheantais Chánach: 6453104288 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise, Saratov Uimhir chlárúcháin: 1096453002690	Tá JSC Saratov Radio Instrument Plant ar cheann de na fiontair is mó a tháirgeann córais soilsithe dromchla nua-aimseartha agus córais aimsithe sprice do Chabhlach na Rúise. Tá an gléasra mar chuid den Granit-Electron Concern, agus in 2018 rinneadh mar chuid de Chorparáid Armála na nDiúracán Oirbheartaíochta é. Forbraíonn agus táirgeann an chuideachta radar cósta soghluaiste MYS-M1E agus radar cósta seasta MR-10M1E, a ceapadh chun comhordanáidí agus náisiúntacht na long dromchla agus spriocanna ardluais beaga a bhrath agus a chinneadh. Dá bhrí sin, tá JSC Saratov Radio Instrument Plant ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint freisin ag JSC Saratov Radio Instrument Plant le Cuideachta Chcomhstoic Chorparáid na nDiúracán Oirbheartaíochta.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
354.	JSC “SMP” ar a dtugtar freisin Joint Stock Company “Serov Mechanical Plant” (AO “CMЗ” ar a dtugtar freisin Акционерное Общество “Серовский Механический Завод”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 624981, réigiún Sverdlovsk, cathair Serov, Aglomeratchikov str. 10 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise, 624981, Sverdlovsk region, Serov city, Aglomeratchikov str. 10 Dáta clárúcháin: 23.12.2011 Uimhir chlárúcháin: 1116680000470 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 6680000479 Suíomh gréasáin https://serovmp.ru/ Teileafón: (34385) 7-36-81, (34385) 7-36-85, Ríomhphost: info@serovmp.ru Uimhir KPP: 668001001	Is gléasra de chuid na Rúise é JSC Serov Mechanical Plant a tháirgeann trealamh le haghaidh táirgeadh ola agus gáis, taiscéalaíocht gheolaíoch agus mianadóireachta. Gléasra an-tábhachtach is ea é toisc go bhfuil sé ar cheann de na soláthróirí is mó de threalamh druileála agus táirgeachta ola na Rúise do mhórchuideachtaí ola na Rúise, mar shampla Lukoil, Gazpromneft agus Rosneft. Chomh maith leis an ról tábhachtach atá aige i dtionscal breosla iontaise na Rúise, táirgeann JSC Serov Mechanical Plant táirgí speisialta faoi orduithe cosanta stáit na Rúise. Táirgeann an gléasra cásálacha diúracáin ag a bhfuil calabra de 152 mm le haghaidh airtléire féinghluaiste Koalitsiya-SV a úsáideann an Rúis sa chogadh ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC Serov Mechanical Plant ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá an chuideachta ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ag baint tairbhe as, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2161/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
355.	JSC “State Design Bureau ‘Vympel’ named after I.I. Toropov” (АО “Тос МКБ ‘Вымпел’ им. И.И. Торопова”)	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 125424, Moscó, Volokolamskoe sh., 90 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Phoiblí Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúis Dáta clárúcháin: 22.6.2005 Uimhir Aitheantais Chánach: 7733546058 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1057747296166 Suíomh gréasáin: www.vympelmkb.ru/about/ Teileafón: +74964910122 Ríomhphost: info@vympelmkb.ru	Is fiontar speisialaithe é JSC “State Design Bureau ‘Vympel’ named after I.I. Toropov” a fhorbraíonn agus a thairgeann córais uathoibrithe chun airm agus trealamh míleata a chothabháil agus a rialú. Déanann agus monaraíonn an fiontar diúracáin threoraithe ó aer go haer agus ó aer go dromchla, diúracáin threoraithe le haghaidh córas frith-aerárthaí talún agus mara, lainseálaithe, agus catapailt le haghaidh diúracán treoraithe aerbheirthe, crochadáin bíomaí chun armáil aerbhuamála a chrochadh agus aonaid le haghaidh diúracán aerárthaí neamhthreoraithe. Tá baint ag JSC “State Design Bureau ‘Vympel’ named after I.I. Toropov” le táirgeadh roinnt diúracán, amhail APU-305 agus APU-L, chomh maith le diúracáin aerárthaí neamhthreoraithe B13L, atá á seachadadh chuig Fórsaí Armtha na Rúise agus a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá JSC “State Design Bureau ‘Vympel’ named after I.I. Toropov” ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá JSC “State Design Bureau ‘Vympel’ named after I.I. Toropov” ag tacú go hábharach freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus ag baint tairbhe as, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
357.	LLC “SMT-iLogic” ar a dtugtar freisin LLC SMT-Ailogik ar a dtugtar freisin LLC SMT iLogic (ООО “СМТ-Айлогик”)	Seoladh: 195220, Cónaidhm na Rúise, Cathair Pheadair, Nepokorennykh Avenue, 17, building 4, letter V, room 5-N Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Uimhir chlárúcháin: 1157847407156 Dáta clárúcháin: 27.11.2015 Uimhir Aitheantais Chánach: 7804552300 Uimhir KPP: 780401001 Eintitis chomhlachaithe: Special Technology Center Ltd. (ar a dtugtar freisin STC, Ltd) Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: http://smt-ilogic.ru/ Teil./facs: +7 (812) 244-19-87 Teileafón: +7 812 244-33-13 Ríomhphost: info@smt-ilogic.ru	Is soláthróir seirbhísí éagsúla é LLC “SMT-iLogic” i réimse na forbartha leictreonaice. Soláthraíonn an chuideachta seirbhísí d’fhorbairt leictreonaice agus monaraíonn sí feistí chun faisnéis a bhailiú agus a phróiseáil. Faigheann LLC STC - monaróir drón Orlan-10 agus atá cleamhnaithe le fórsaí míleata na Rúise, faigheann sé comhpháirteanna eachtracha ó LLC “SMT-iLogic”. Úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise drón Orlan-10 sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá LLC “SMT-iLogic” ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá baint ag LLC “SMT-iLogic” le LLC STC.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
